2026/2358

23.10.2026

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/2358 ÓN gCOIMISIÚN

**an 21 Lúnasa 2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh ola olóige**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 75(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha maidir le saintréithe na n-olaí olóige dá dtagraítear i gCuid VIII, pointí 1 go 6, d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(2) Léiríonn na teorainnluachanna le haghaidh na saintréithe ola olóige a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 caighdeán trádála le haghaidh ola olóige agus ola phrabhaite olóige na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa (CIO) ([3]) ('Caighdeán Trádála CIO').

(3) Ag an 119ú seisiún a bhí ag CIO, a tionóladh an 25 Meitheamh 2024, ghlac CIO Cinneadh DEC-III.2/119-VI/2024 lena ndéantar athbhreithniú ar dhoiciméad COI/T.20/DOC. NO. 15/REV. 11 – modh chun measúnú orgánaileipteach a dhéanamh ar ola olóige íon maidir le deimhniú saintréithe orgánaileipteacha áirithe. Vótáil an tAontas i bhfabhar an leasaithe sin, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/2911 ón gComhairle ([4]).

(4) Ag an 121ú seisiún a bhí ag CIO a tionóladh an 8 Iúil 2025, ghlac CIO Cinneadh DEC-III.1/121-VI/2025 lena leasaítear an Caighdeán Trádála CIO a mhéid a bhaineann leis an gcion iomlán stéaról in olaí olóige aonchineálacha ón gcineál Koroneiki nó ón gcineál Nocellara del Belice. Vótáil an tAontas i bhfabhar an leasaithe sin, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/1213 ón gComhairle ([5]).

(5) Tá méadú tagtha ar líon na n-olaí olóige úríona aonchineálacha atá ar an margadh mar thoradh ar athruithe ar chleachtais táirgthe agus ar roghanna na dtomhaltóirí. Cé go bhfuil na holaí sin barántúil agus ar ardchaighdeán, ní chomhlíonann cuid acu an teorainn is gá maidir leis an gcion iomlán stéaról arb é an cineál olóige is mó a mbíonn tionchar aige air, mar aon le tosca eile amhail leibhéal aibíochta na n-ológ, an limistéar geografach agus an t-uisciú.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh ola olóige, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2568/91 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 29/2012 ón gCoimisiún (IO L 284, 4.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2104/oj).

([3]) https://www.internationaloliveoil.org/what-we-do/chemistry-standardisation-unit/standards-and-methods/.

([4]) Cinneadh (AE) 2024/2911 ón gComhairle an 5 Samhain 2024 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na Comhaltaí de Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) a mhéid a bhaineann le modh anailíse amháin agus caighdeán trádála IOC le haghaidh olaí olóige agus olaí prabhaite olóige, (IO L, 2024/2911, 19.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2911/oj).

([5]) Cinneadh (AE) 2025/1213 ón gComhairle an 12 Meitheamh 2025 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) a mhéid a bhaineann leis an gcaighdeán trádála le haghaidh olaí olóige agus olaí probhaite ológ, (IO L, 2025/1213, 19.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1213/oj).

(6) Tá staidéar á dhéanamh ag CIO faoi láthair ar an gcion iomlán stéaról in ola olóige úríon. Agus an staidéar sin fós ar siúl, sholáthair an Chomhairle Idirnáisiúnta um Ológa réiteach idirmheánach, is é sin leasú ar an gCaighdeán Trádála CIO a ghlacadh, lena n-íslítear an teorainn le stéaról iomlán in olaí olóige úríona i gcás an dá chineál is mó lena mbaineann, Koroneiki agus Nocellara del Belice. Leis an leasú sin, ceadaítear do tháirgeoirí na holaí aonchineálacha sin a chur ar an margadh. Ós rud é go mbeidh feidhm ag teorainn éagsúil maidir leis na cineálacha sin, tá sé tábhachtach go mbeidh tomhaltóirí agus údaráis rialaithe araon in ann a thuiscint go héasca gur ola olóige aonchineálach de cheann amháin den dá chineál sin í ola olóige shonrach.

(7) Chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme ar leibhéal an Aontais an caighdeán idirnáisiúnta is déanaí arna bhunú ag CIO maidir le deimhniú saintréithe orgánaileipteacha agus an teorainnluach le haghaidh an pharaiméadair cion iomlán stéaról in olaí olóige aonchineálacha ón gcineál Koroneiki nó ón gcineál Nocellara del Belice, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 a leasú dá réir sin chun an cur chun feidhme sin a léiriú.

(8) Ós rud é nach féidir ola olóige úríon aonchineálach a chumhdaítear leis an maolú sin a chur ar an margadh faoi aon chatagóir ola olóige faoi láthair, ba cheart d'oibreoirí a bheith in ann tairbhiú den leasú ar na caighdeáin mhargaíochta a leagtar síos sa Rialachán seo gan mhoill. Tosóidh an bhliain mhargaíochta nua le haghaidh ola olóige an 1 Deireadh Fómhair 2026, ba cheart, dá bhrí sin, an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 mar a leanas:

(1) cuirtear Airteagal 8a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 8a*

**Cineál**

Ar lipéadú ola olóige úríne a dhéantar as an gcineál Koroneiki amháin nó as an gcineál Nocellara del Belice amháin, léireofar an cineál sin ar an lipéad, ar na doiciméid tionlacain agus ar aon lipéadú eile.'

(2) Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Lúnasa 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*'IARSCRÍBHINN I*

**SAINTRÉITHE OLA OLÓIGE**

A. **Saintréithe cáilíochta**

| Catagóir | | Aigéadacht (%)(*) | Luach sárocsaíde (mEq $O_2$/kg) | $K_{232}$ | $K_{268}$ nó $K_{270}$ | ΔK | Saintréithe orgánaileipteacha | | Eistir eitile d'aigéad sailleach (mg/kg) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | Airmheán an fhabht (Md)(*) (1) | Airmheán torthaíoch (Mf) (2) | |
| 1. | Ola olóige úríon | ≤ 0,80 | ≤ 20,0 | ≤ 2,50 | ≤ 0,22 | ≤ 0,01 | Md = 0,0 | Mf > 0,0 | ≤ 35 |
| 2. | Ola olóige íon | ≤ 2,0 | ≤ 20,0 | ≤ 2,60 | ≤ 0,25 | ≤ 0,01 | Md ≤ 3,5 | Mf > 0,0 | — |
| 3. | Ola olóige lampante | > 2,0 | — | — | — | — | Md > 3,5 (3) | — | — |
| 4. | Ola olóige scagtha | ≤ 0,30 | ≤ 5,0 | — | ≤ 1,25 | ≤ 0,16 | | — | — |
| 5. | Ola olóige atá comhdhéanta d'olaí olóige scagtha agus d'olaí olóige íona | ≤ 1,00 | ≤ 15,0 | — | ≤ 1,15 | ≤ 0,15 | | — | — |
| 6. | Amhola phrabhaite olóige | — | — | — | — | — | | — | — |
| 7. | Ola phrabhaite olóige scagtha | ≤ 0,30 | ≤ 5,0 | — | ≤ 2,00 | ≤ 0,20 | | — | — |
| 8. | Ola phrabhaite olóige | ≤ 1,00 | ≤ 15,0 | — | ≤ 1,70 | ≤ 0,18 | | — | — |

(1) Sainmhínítear airmheán na bhfabht mar airmheán an fhabht a bhraitear leis an déine is mó.
(2) Arna iarraidh sin, agus ag brath ar airmheán cháilíochtaí deimhneacha na n-olaí a ndearnadh measúnú orthu, féadfaidh ceannasaí an phainéil na cáilíochtaí sin a dheimhniú de réir na slonn a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn II.
(3) D'fhéadfadh airmheán an fhabht a bheith níos lú ná nó cothrom le 3,5 nuair atá an t-airmheán torthaíoch cothrom le 0,0.

B. **Saintréithe íonachta**

| | Catagóir | Comhdhéanamh aigéid shailligh (1) | | | | | | Iomlán isiméirí trasoiléacha (%) | Iomlán tras líonoiléach+isiméirí tras líonoiléacha (%) | Stiogmastaidéíní (mg/kg) (3) | ΔECN42 | Monapalmatáit 2- ghlicrile (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Miristeach (%) | Líonóiléineach (%) | Araicise (%) | Iciseanóch (%) | Behéineach (%) | Lignichéireach (%) | | | | | |
| 1. | Ola olóige úríon | ≤ 0,03 | ≤ 1,00 (2) | ≤ 0,60 | ≤ 0,50 | ≤ 0,20 | ≤ 0,20 | ≤ 0,05 | ≤ 0,05 | ≤ 0,05 | ≤ \|0,20\| | ≤ 0,9 más rud é go bhfuil iomlán an aigéid phailmítigh ≤ 14,00 %<br>≤ 1,0 más rud é go bhfuil iomlán an aigéid phailmítigh > 14,00 % |
| 2. | Ola olóige íon | ≤ 0,03 | ≤ 1,00 (2) | ≤ 0,60 | ≤ 0,50 | ≤ 0,20 | ≤ 0,20 | ≤ 0,05 | ≤ 0,05 | ≤ 0,05 | ≤ \|0,20\| | ≤ 0,9 más rud é go bhfuil iomlán an aigéid phailmítigh ≤ 14,00 %<br>≤ 1,0 más rud é go bhfuil iomlán an aigéid phailmítigh > 14,00 % |
| 3. | Ola olóige lampante | ≤ 0,03 | ≤ 1,00 | ≤ 0,60 | ≤ 0,50 | ≤ 0,20 | ≤ 0,20 | ≤ 0,10 | ≤ 0,10 | ≤ 0,50 | ≤ \|0,30\| | ≤ 0,9 más rud é go bhfuil iomlán an aigéid phailmítigh ≤ 14,00 %<br>≤ 1,1 más rud é go bhfuil iomlán an aigéid phailmítigh > 14,00 % |
| 4. | Ola olóige scagtha | ≤ 0,03 | ≤ 1,00 | ≤ 0,60 | ≤ 0,50 | ≤ 0,20 | ≤ 0,20 | ≤ 0,20 | ≤ 0,30 | — | ≤\|0,30\| | ≤ 0,9 más rud é go bhfuil iomlán an aigéid phailmítigh ≤ 14,00 %<br>≤ 1,1 más rud é go bhfuil iomlán an aigéid phailmítigh > 14,00 % |
| 5. | Ola olóige atá comhdhéanta d'olaí olóige scagtha agus d'olaí olóige íona | ≤ 0,03 | ≤ 1,00 | ≤ 0,60 | ≤ 0,50 | ≤ 0,20 | ≤ 0,20 | ≤ 0,20 | ≤ 0,30 | — | ≤ \|0,30\| | ≤ 0,9 más rud é go bhfuil iomlán an aigéid phailmítigh ≤ 14,00 %<br>≤ 1,0 más rud é go bhfuil iomlán an aigéid phailmítigh > 14,00 % |

| Catagóir | Comhdhéanamh aigéid shailligh (1) | | | | | | Iomlán isiméirí trasoiléacha (%) | Iomlán tras líonoiléach+isiméirí tras líonoiléacha (%) | Stiogmastaidéíní (mg/kg) (3) | ΔECN42 | Monapalmatáit 2- ghlicrile (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Miristeach (%) | Líonóiléineach (%) | Araicise (%) | Iciseanóch (%) | Behéineach (%) | Lignichéireach (%) | | | | | |
| 6. Amhola phrabhaite olóige | ≤ 0,03 | ≤ 1,00 | ≤ 0,60 | ≤ 0,50 | ≤ 0,30 | ≤ 0,20 | ≤ 0,20 | ≤ 0,10 | — | ≤ \|0,60\| | ≤ 1,4 |
| 7. Ola phrabhaite olóige scagtha | ≤ 0,03 | ≤ 1,00 | ≤ 0,60 | ≤ 0,50 | ≤ 0,30 | ≤ 0,20 | ≤ 0,40 | ≤ 0,35 | — | ≤ \|0,50\| | ≤ 1,4 |
| 8. Ola phrabhaite olóige | ≤ 0,03 | ≤ 1,00 | ≤ 0,60 | ≤ 0,50 | ≤ 0,30 | ≤ 0,20 | ≤ 0,40 | ≤ 0,35 | — | ≤ \|0,50\| | ≤ 1,2 |

(1) Cion aigéad sailleach eile (%): pailmíteach: 7,00-20,00; pailmítoiléach: 0,30-3,50; heiptideacánóch: ≤ 0,40; heiptideacánóch ≤ 0,60; stéarach: 0,50-5,00; oiléach: 55,00- 85,00; líonoiléach: 2,50-21,00.
(2) Nuair is mó an t-aigéad líonoiléach ná 1,00 ach is lú ná 1,40 é ní mór an coibhneas dealraitheach β-sitistéaróil/campaistéaróil a bheith níos mó ná 24 nó cothrom leis.
(3) An t-iomlán isiméirí a d'fhéadfaí (nó nach bhféadfaí) a dheighilt le colún ribeach.

*Tábla B ar leanúint*

| Catagóir | Comhdhéanamh stéaról | | | | | | Iomlán stéaról (mg/kg) | Eiritridé-ól agus uváól (%)(**) | Céaracha (mg/kg)(**) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Colai-stéaról (%) | Brassica-stéaról (%) | Campai-stéaról (%) | Stiogmaist-éaról (%) | β–sitea-stéaról dealraitheach (2) (%) | Δ-7-stiogma-stéanól (%) | | | |
| 1. Ola olóige úríon | ≤ 0,5 | ≤ 0,1 | ≤ 4,0 (1) | < Campa. | ≥ 93,0 | ≤ 0,5 (3) | ≥ 1 000 (10) | ≤ 4,5 | C42 + C44 + C46 ≤ 150 |
| 2. Ola olóige íon | ≤ 0,5 | ≤ 0,1 | ≤ 4,0 (1) | < Campa. | ≥ 93,0 | ≤ 0,5 (3) | ≥ 1 000 | ≤ 4,5 | C42 + C44 + C46 ≤ 150 |
| 3. Ola olóige lampante | ≤ 0,5 | ≤ 0,1 | ≤ 4,0 | — | ≥ 93,0 | ≤ 0,5 (1) | ≥ 1 000 | ≤ 4,5 (7) | C40 + C42 + C44 + C46 ≤ 300 (7) |
| 4. Ola olóige scagtha | ≤ 0,5 | ≤ 0,1 | ≤ 4,0 | < Campa. | ≥ 93,0 | ≤ 0,5 (5) | ≥ 1 000 | ≤ 4,5 (8) | C40 + C42 + C44 + C46 ≤ 350 |

| Catagóir | Comhdhéanamh stéaról | | | | | | Iomlán stéaról (mg/kg) | Eiritridé-ól agus uváól (%)(**) | Céaracha (mg/kg)(**) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Colai-stéaról (%) | Brassica-stéaról (%) | Campai-stéaról (%) | Stiogmaist-éaról (%) | β–sitea-stéaról dealraith-each ([2]) (%) | Δ-7-stiogma-stéanól (%) | | | |
| 5. Ola olóige atá comhdhéanta d'olaí olóige scagtha agus d'olaí olóige íona | ≤ 0,5 | ≤ 0,1 | ≤ 4,0 | < Campa. | ≥ 93,0 | ≤ 0,5 ([5]) | ≥ 1 000 | ≤ 4,5 | C40 + C42 + C44 + C46 ≤ 350 |
| 6. Amhola phrabhaite olóige | ≤ 0,5 | ≤ 0,2 | ≤ 4,0 | — | ≥ 93,0 | ≤ 0,5 ([6]) | ≥ 2 500 | > 4,5 ([9]) | C40 + C42 + C44 + C46 > 350 ([9]) |
| 7. Ola phrabhaite olóige scagtha | ≤ 0,5 | ≤ 0,2 | ≤ 4,0 | < Campa. | ≥ 93,0 | ≤ 0,5 ([6]) | ≥ 1 800 | > 4,5 | C40 + C42 + C44 + C46 > 350 |
| 8. Ola phrabhaite olóige | ≤ 0,5 | ≤ 0,2 | ≤ 4,0 | < Campa. | ≥ 93,0 | ≤ 0,5 ([6]) | ≥ 1 600 | > 4,5 | C40 + C42 + C44 + C46 > 350 |

([1]) Tá ola olóige úríon nó ola olóige íon ag a bhfuil 4,0 < campaistéaról % ≤ 4,5 barántúil ar choinníoll go mbeidh stiogmaifearól ≤ 1,4 %, Δ-7-stiogmaisteanól ≤ 0,3 % agus gach paraiméadar eile laistigh de na teorainneacha a shocraítear sa Rialachán seo.

([2]) β-sitistéaról dealraitheach: Δ-5,23-stiogmastaidé-eanól+cléiristéaról+ β-sitistéaról+sitisteanól+ Δ-5-aivinistéarol+ Δ-5,24-stiogmastaidé-eanól.

([3]) Tá ola olóige úríon nó ola olóige íon ag a bhfuil 0,5 < Δ-7-stiogmaisteanól % ≤ 0,8 barántúil ar choinníoll go bhfuil β-sitistéaról/campaistéaról dealraitheach ≥ 28, ΔECN42 ≤|0,10| agus gach paraiméadar eile laistigh de na teorainneacha a shocraítear sa Rialachán seo.

([4]) Tá ola olóige lampante ag a bhfuil 0,5 < Δ-7-stiogmaisteanól % ≤ 0,8 barántúil ar choinníoll go bhfuil β-sitistéaról/campaistéaról dealraitheach ≥ 28, ΔECN42 ≤|0,15|, stiogmaistaidhé-éin ≤ 0,30 agus gach paraiméadar eile laistigh de na teorainneacha a shocraítear sa Rialachán seo.

([5]) Tá ola olóige scagtha nó ola olóige atá comhdhéanta d'ola olóige scagtha agus olaí olóige íona ar a bhfuil 0,5 <Δ-7-stiogmaisteanól % ≤ 0,8 barántúil ar choinníoll go bhfuil β-sitistéaról/campaistéaról dealraitheach ≥ 28, ΔECN42≤|0,15| agus gach paraiméadar eile laistigh de na teorainneacha a shocraítear sa Rialachán seo.

([6]) Tá amhola phrabhaite olóige scagtha nó ola scagtha d'iarmhar na n-ológ nó ola phrabhaite olóige ar a bhfuil 0,5 <Δ-7-stiogmaisteanól % ≤ 0,8 barántúil ar choinníoll go bhfuil stiogmaistéaról ≤ 1,4 %, ΔECN42 ≤|0,40| agus gach paraiméadar eile laistigh de na teorainneacha a shocraítear sa Rialachán seo.

([7]) Maidir le holaí ina bhfuil cion céarach idir 300 mg/kg agus 350 mg/kg, meastar gur ola olóige lampante atá iontu má tá an cion iomlán alcóil alafataigh níos lú ná nó cothrom le 350 mg/kg nó má tá an cion eiritridé-óil agus úváóil níos lú ná nó cothrom le 3,5 %.

([8]) Ní mór go mbeidh cion eiritridé-óil, nó is ionann agus 75 mg/kg, ag olaí a bhfuil cion eiritridé-óil + úváóil idir 4,5 % agus 6 %.

([9]) Maidir le holaí ina bhfuil cion céarach idir 300 mg/kg agus 350 mg/kg, meastar gur amhola phrabhaite olóige atá iontu má tá an cion iomlán alcóil alafataigh níos mó ná 350 mg/kg nó má tá an cion eiritridé-óil agus úváóil níos mó ná 3,5 %.

([10]) ≥ 800mg/kg i gcás ola olóige úríon aonchineálach ón gcineál Koroneiki nó ón gcineál Nocellara del Belice.

Nótaí:

(a) Ní mór torthaí na n-anailísí a shloinneadh ar an líon céanna deachúlacha a úsáidtear le haghaidh gach saintréithe. Ní mór an digit dheiridh a mhéadú le haonad amháin más mó ná 4 an digit ina diaidh.

(b) Mura bhfuil oiread agus saintréith amháin ag teacht leis na luachanna atá luaite, athrófar catagóir na hola nó dearbhófar go bhfuil an ola neamhchomhlíontach chun críocha an Rialacháin seo.

(c) I dtaca le hola ola olóige lampante féadfaidh an dá shaintréith cáilíochta a mharcáiltear le réiltín "(*)" a bheith éagsúil go comhuaineach leis na teorainneacha atá bunaithe le haghaidh na catagóire sin.

(d) Má mharcáiltear saintréith le dhá réiltín "(**)", ciallaíonn sin, i ndáil le hamhola phrabhaite olóige, gur féidir an dá theorainn ábhartha a bheith éagsúil leis na luachanna a luaitear an tráth céanna. I ndáil le hola phrabhaite olóige agus ola phrabhaite olóige scagtha féadfaidh ceann amháin de na teorainneacha ábhartha a bheith éagsúil leis na luachanna a luaitear.'